An Chomhairle Eorpach
An tUachtarán

PREAS
GA

**AITHEASC**

EUCO 232/14
PRESSE 559
PR PCE 204
An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2014

# Aitheasc ceiliúrtha le comhaltaí na Comhairle Eorpaí ag an Uachtarán Herman Van Rompuy

Gabhaim buíochas libh go léir, agus le Angela ach go háirithe, as a hóráid chairdiúil. Mar labhair sise thar bhur gceann ar fad, ach freisin mar tháinig na focail uaithi go pearsanta. Is garbh an cheird í an pholaitíocht - ach tá dílseacht, muinín, meas, agus a thuilleadh fós, inti. Fuair mé anseo iad, agus thug mé anseo freisin uaim iad.

Is tréimhse speisialta domsa é seo. Ní amháin go bhfuil an sainordú agam ag teacht chun críche. Ach tá deireadh ag teacht le mo shaol polaitiúil agus poiblí, a bhí mar pháirt lárnach i mo shaol, ó m'óige ar aghaidh. Mar sin níl mé ag ceiliúradh. Ar bhealach, tá mé ag fágáil slán agaibh.

Ar ndóigh, tá saol ann tar éis an tsaoil pholaitiúil ach tá, mar a dúirt cara liom, *"l'inévitable nostalgie qui accompagne les grandes étapes de la vie"*, an cumha dosheachanta a thagann le gach caibidil nua sa saol ann.

Rinne mé iarracht gníomhú ar son leas na hEorpa, leas nach bhfuil teibí. Tá níos mó ansin ná suim leasa fiche hocht de náisiúin, ach is ionann é agus an tsuim sin freisin. Gach uair, ní mór dúinn teacht ar chomhaontú, le fiche hocht. Ní í gcónaí "in aon iarracht amháin", agus uaireanta bíonn brú anonn agus anall i gceist. Ach le chéile thaispeáin muid an rud mídhealraitheach: go bhfuil Aontas le fiche hocht de thíortha in ann feidhmiú.

Rinne mé iarracht freisin a léiriú go bhfuil institiúidí an Aontais in ann oibriú le chéile. Gabhaim buíochas le José Manual as an méid sin. Níl na hinstitiúidí in iomaíocht lena chéile. Tá an chúis chéanna againn, cúis na hEorpa, agus faoi dheireadh ciallaíonn sin leas ár saoránach go léir.

I mo shaol féin bhí a fhios agam i gcónaí gur féidir leanúint ar aghaidh i m'uireasa. Bhí Comhairle Eorpach ann sular tháinig mé agus beidh Comhairle Eorpach ann nuair a imeoidh mé.
Ó mhí na Nollag, beidh mise chun tosaigh ag tacú leis na cinntí a dhéanfaidh sibh. *Un spectateur, mais un spectateur engagé.* Tá súil agam go mbeidh "*bon vent*" ag Donald agus Jean-Claude, go seolfaidh siad ar an rumlíne, mar a deir na Francaigh.

Is iomaí tionscadal oscailte atá ann don Eoraip. Sheachain muid tubaiste, go dtitfeadh an limistéar euro as a chéile. Uaireanta, tá sé chomh tábhachtach an rud is measa a sheachaint agus atá sé an rud ceart a dhéanamh.

Tá mé ag imeacht agus mé den bharúil go bhfuil mo dhícheall déanta agam. Ar ndóigh, aireoidh mé an ard-oifig seo uaim, agus aireoidh mé sibhse uaim, ach tá faoiseamh ann dom de bharr coinsias glan a bheith agam - cé go bhfuil a fhios agam go bhfuil neart le déanamh fós.

Guím gach rath oraibh, is cuma cén tír gurbh as daoibh, cén páirtí ina bhfuil sibh. Go dté sibh go léir slán. Ar gach bealach. *Adieu, mais aussi au revoir.*

Dirk De Backer - Urlabhraí an Uachtaráin - T +32 (0)2 281 9768 - M +32 (0)497 59 99 19
Preben Aamann - Leas-Urlabhraí an Uachtaráin - T +32 (0)2 281 2060 - M +32 (0)476 85 05 43
press.president@consilium.europa.eu - www.european-council.europa.eu/the-president